



CLÁR ÁBHAR

1. RÉAMHRÁ	1
2. GNÍOMHAÍOCHT 2016	1
3. SAOL CUIDEACHTA	8
4. AG TEACHT I 2017	16
AGUISÍN 1: MIONSTADREAMH	17
AGUISÍN 2: CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ AGUS DAOINE ÚDARAITHE EILE	43

CUID 1 - RÉAMHRÁ

Is é Ráiteas Misin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO):

mairseacht a dhéanamh ar an ráta is airde comhdaithe tuairisceán bliantúil, den cháilíocht is fearr, ag cuideachtaí i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha, agus a chinntiú gur tráthúil í aon fhaisnéis faoi na cuideachtaí a fhoilseoidh an CRO ina dhiaidh sin agus gur léiriú cruinn a bheidh inti ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag na cuideachtaí sin.

Stór Iárnach is ea an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) le haghaidh faisnéise poiblí reachtúil ar chuideachtaí Éireannacha. Feidhmíonn sí faoi choimirce na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Príomhfeidhmeanna na CRO atá:

- Ionchorprú cuideachtaí agus ainmneacha gnó a chlárú
- doiciméid iar-ionchorpraithe cuideachta a chlárú
- athruithe ar shonraí ainm gnó a chlárú
- forfheidhmiú, ionchúiseamh agus cuideachtaí a scriosadh as an gclár
- faisnéis a sholáthar don phobal

Is féidir leat Cuideachta, Ainm Gnó (ainm trádála), cuideachta choigríche nó comhpháirtíocht teorant a chlárú leis an CRO.

CUID 2 - GNÍOMHAÍOCHT I 2016

Acht na gCuideachtaí 2014

Bliain dhúshlánach eile d'fhoireann na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) ba ea an bhliain 2016. Cé gur tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2015, iarradh soiléiriú maidir lena lán gnéithe den Acht le linn na bliana 2016, arbh í an chéad bhliain iomlán inar oibrigh cuideachtaí faoi fhorálacha Acht 2014 í. Tháinig cuid mhór ceisteanna chun cinn maidir leis an bpróiseas Comhshó le linn na hidirthréimhse 18 mí dá bhforáiltear san Acht. Bhain an líon ceisteanna a fuarthas buaicphointe amach díreach roimh dheireadh na hidirthréimhse (an 30 Samhain 2016).

Le linn na hidirthréimhse, ba ag cuideachtaí ar corpraíodh iad faoi na hAchtanna roimhe a bhí an deis chun na forálacha maidir le comhshó faoi Chuid 2 den Acht nó, nuair ba chuí, na forálacha maidir le hiarmhír ainm cuideachtaí atá leagtha amach i gCodanna 16, 18 nó 19 den Acht a chur i bhfeidhm.


Comhshó:

Le hAcht na gCuideachtaí 2014, tugadh dhá chineál nua cuideachta isteach do chuideachtaí a bhí cláraithe mar chuideachtaí "Príobháideacha faoi Theorainn Scaireanna". D'fhéadfadh cuideachtaí den sórt sin a roghnú ansin iad féin a chomhshó ina gceann amháin de na cineálacha nua cuideachta le linn na hidirthréimhse, ba iad sin:

- cuideachta TEO (Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna) faoi Chuid 2 den Acht, agus
- cuideachta CGA (Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe) faoi theorainn scaireanna faoi Chuid 16 den Acht.

Ar feadh an chéad 12 mhí den idirthréimhse, fuair an CRO 1,000 iarratas ar chomhshó gach mí ar an meán. Tháinig méadú suntasach ar an líon iarratas a fuarthas i mí Lúnasa 2016 agus lean an treocht sin ar aghaidh go deireadh na hidirthréimhse. Cuireadh 16,000 iarratas isteach i mí na Samhna - an líon is mó in aon mhí ar leith riamh. Ba sa tseachtain díreach roimh an 30 Samhain 2016 a fuarthas cuid mhór díobh sin.

Cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna nár chomhshóigh ina gcuideachta CGA nó ina gcuideachta TEO le linn na hidirthréimhse, rinne an CRO iad a chomhshó go huathoibríoch ina gcuideachtaí TEO an 1 Nollaig 2016, faoi mar a fhoráiltear dó in alt 61(2), Cuid 2, d'Acht na gCuideachtaí 2014. Eisíodh deimhniú digiteach do gach cuideachta den sórt sin chuig an seoladh/ chuig na seoltaí ríomhphoist a bhí ar comhad ag an CRO do gach ceann de na cuideachtaí sin.



An ceanglas chun ainm cuideachtaí a athrú faoi Acht na gCuideachtaí 2014:

Foráiltear le hAcht na gCuideachtaí 2014 nach mór iarmhír chineáil chuideachta a bheith ar áireamh in ainm na cuideachta ag deireadh a hainm, ach amháin i gcás go bhfuil díolúine ann. Ceadáíodh idirthréimhse 18 mí faoin Acht ina bhféadfadh na cuideachtaí lena mbaineann (cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta agus cuideachtaí neamhtheoranta) a n-ainm a athrú.

I gcás nár athraigh cuideachtaí lena mbaineann a n-ainm le linn na hidirthréimhse ocht mí dhéag, ba í an CRO a chuir an t-athrú ainm i bhfeidhm. Eisíodh deimhniú digiteach do gach cuideachta den sórt sin. Chríochnaigh an idirthréimhse an 30 Samhain 2016.

Chláraigh an CRO 43,678 n-iarratas ar chomhshó sa bhliain 2016, agus iad miondealaithe sa tábla thíos:

Comhshó	lomláin
N1 - Comhshó go TEO	37,644
N2 - Comhshó go CGA	1,740
N3 - Athrú ar ainm na cuideachta	4,294

Is gnách go mbíonn an CRO faoi réir ualaí méadaithe ag amanna áirithe den bhliain, go háirithe i mí Dheireadh Fómhair, i mí na Samhna, i mí Eanáir agus i mí an Mhárta. Sna míonna sin, méadaíonn an líon tuairisceán bliantúil a fhaightear ón ngnáthlíon míosúil de thart ar 12,000 iarratas go thart ar 20,000 iarratas in aghaidh na míosa.

Toisc gur thit an buaiclé comhdúcháin d'fhoirmeacha B1 arna ríomhchomhdú (an 25 Samhain) thart ar an aon am a chríochnaigh an idirthréimhse 18 mí do chomhshó (an 30 Samhain) sa bhliain 2016, bhí géarghá ann le comhar, le tiomantas agus le saineolas leanúnach fhoireann an CRO ionas go bhféadfadh sí na doiciméid sin a phróiseáil agus déileáil leis an líon méadaithe ceisteanna a fuarthas ag an am céanna.

Iarratais chuig an Ard-Chúirt/chuig an gCúirt Dúiche ar Ordú lena bhfadaítear an t-am chun tuairisceán a chomhdú

Le halt 343(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceadaítear do chuideachta atá mall maidir lena tuairisceán bliantúil a chur isteach iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt nó chuig an gCúirt Dúiche don cheantar ina bhfuil oifig chláráithe na cuideachta lonnaithe ar ordú lena bhfadaítear an t-am atá aici chun a tuairisceán bliantúil don bhliain sin a chomhdú. A luaithe a dheonóidh an Chúirt Ordú agus a chloífidh an chuideachta leis an Ordú sin, caithfear leis an tuairisceán bliantúil mar cheann a cuireadh isteach in am. Dá bhrí sin, ní ghearrfar pionós ar an gcuideachta i leith comhdú déanach agus ní chaillfidh an chuideachta aon díolúine ó iniúchadh atá aici.

Ní féadfar ach iarratas amháin a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche i leith aon bhliana airgeadais amháin. Ina theannta sin, ní féadfaidh ach cuideachtaí atá “beo” ar Chlár na gCuideachtaí faoi láthair iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna faoin alt lena mbaineann – is é sin le rá, ní féadfaidh cuideachtaí díscailte iarratas den sórt sin a dhéanamh.

Sa bhliain 2016, fuair an CRO 1,201 fhógra faoi iarratais a rinne cuideachtaí chuig an gCúirt Dúiche agus fuair sí 29 bhfógra faoi iarratais a rinne cuideachtaí chuig an Ard-Chúirt.

D'eisigh an CRO 1,205 litir san iomlán ar admhaíodh an t-iarratas iontu, nár cuireadh i gcoinne an iarratais iontu nó ar cuireadh i gcoinne an iarratais iontu. Ina theannta sin, phróiseáil sí 1,006 Ordú ar dheonaigh an Chúirt Dúiche iad agus phróiseáil sí 21 Ordú ar dheonaigh an Ard-Chúirt iad. Dhiúltaigh na Cúirteanna do shé iarratas déag agus tarraingíodh 45 iarratas siar.

Iniúcháirí Neamhchláráithe

Faoi Acht na gCuideachtaí, is cion é do dhuine gníomhú mar iniúcháir i gcás nach bhfuil sé/sí cáilithe chun déanamh amhlaidh. Is cion é a bhféadfaidh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach é a ionchúiseamh freisin. I mí Aibreáin 2011, chuir an CRO córas nua i bhfeidhm chun (a) daoine a chur ó thuarascáil iniúchára arna síniú ag iniúcháirí neamhchláráithe a chur isteach nó (b) daoine a chur ó thuarascáil iniúchára arna síniú go calaoiseach in ainm iniúchára chláráithe a chur isteach. I gcás go gcuireann duine tuairisceán bliantúil isteach in éineacht le cuntais iniúchta, ní mór dó/di Uimhir Chlárúcháin an Iniúchára a thabhairt ar fhoirm B1. Ina dhiaidh sin, seolfaidh an CRO ríomhphost chuig úinéir na hUimhreach Clárúcháin Iniúchára sin chun fógra a thabhairt dó/di gur úsáideadh a (h)Uimhir ar fhoirm B1 a fuarthas ó chuideachta ar leith.

Sa bhliain 2016, fuair an CRO amach gur chomhdaigh 5 chuideachta tuarascálacha iniúchóra arna síniú ag triúr nó ag gnólachtaí nach raibh liostaithe ar Chlár na nIniúcháirí. Ina theannta sin, cuireadh an CRO ar an eolas faoi chásanna inar luaigh iniúcháir nó gnólacht iniúcháireachta a raibh a n-ainm tugtha ar thuarascáil an iniúchóra nárbh iadsan a rinne an t-iniúchadh lena mbaineann. Bhí 28 gcuideachta agus naonúr iniúcháirí i gceist leis na cásanna sin. Tá oibleagáid ar an CRO gach iniúcháir neamhchláraithe a thuairisciú d'Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a dhéanfaidh imscrúdú agus ionchúiseamh ar an ábhar nuair is gá.

Tá laghdú 97% déanta ag an CRO ar an líon iniúcháirí neamhchláraithe a rinne iarracht tuarascálacha bréagacha iniúchóra a chomhdú léi – agus an líon sin ag titim ó 115 dhuine sa bhliain 2011 go triúr sa bhliain 2016. Is fianaise é sin ar a thiomanta atá an CRO do dheireadh a chur leis an mí-úsáid sin agus ar a éifeachtaí atá na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí den sórt sin a chosc.

An tAonad Faisnéise

Mar gheall ar an bpróiseas comhshó agus ar dheireadh na hIdirthréimhse, bhí méadú suntasach ann ar an líon glaonna teileafóin a fuarthas sa bhliain. Cé gur shocraigh an líon sin síos le linn na bliana, chonacthas méadú suntasach 50% sa líon glaonna a fuarthas ag deireadh an Earraigh/i dtús an tSamhraidh. D'fhéach an CRO leis an méadú sin a mhaolú trí ghlaonna a scaradh trí leas a bhaint as córas uimhrithe agus trí dhá fhoireann a bhfuil saineolas acu ar dhéileáil le glaonna a chur ar bun. D'éirigh go réasúnta maith leis an straitéis sin agus ní dheanadh aon dochar do cháilíocht na seirbhíse faisnéise a soláthraíodh le linn na tréimhse dá barr. Chomh maith leis sin, cuireadh oiliúint ar bhaill foirne chun iad a chur ar an eolas faoi na hathruithe nua a tugadh isteach le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Faisnéis a sholáthar don phobal

Tá an fhaisnéis reachtúil ar fad a chuireann cuideachtaí faoi bhráid an CRO ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal. Gearrtar táille bheag i leith an fhaisnéis sin a rochtain nuair is infheidhme. Féadfar faisnéis ríthábhachtach áirithe, amhail ainm cuideachtaí agus seoladh oifige cláraithe cuideachtaí, a sheiceáil saor in aisce ar shuíomh Gréasáin an CRO.

Bhí 205,019 gcuideachta Éireannacha ar an gclár ag deireadh na bliana 2016, rud a d'fhág gur comhdaíodh níos mó ná 515,000 aighneacht leis an CRO le linn na bliana 2016. Ba i bhformáid leictreonach a comhdaíodh 69% de na doiciméid uile. Tríd is tríd, d'éirigh go geal leis an CRO a misean a bhaint amach sa bhliain 2016, agus í ag comhlíonadh na sprice a bhí aici go mbeadh 90% de chuideachtaí cothrom le dáta maidir le tuairisceáin bhliantúla a chomhdú faoi dheireadh na bliana. B'ionann ioncam don bhliain agus €20.109 milliún.

Foilseacháin

Thug an CRO faoi thrí fheachtas faisnéise sa bhliain 2016.

Bhain an chéad fheachtas le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus le deireadh na hIdirthréimhse. Seoladh ríomhphoist chuig cuideachtaí a raibh oibleagáid orthu iarmhír a chur lena n-ainm. I gcás nach raibh seoladh ríomhphoist ag an CRO don chuideachta, ba trí litir a rinneadh teagmháil léi maidir leis na hathruithe a bhí ar na bacáin.

Díríodh sa dara mórfheachtas ar ríomhchomhdú éigeantach tuairisceán bliantúil, rud a gcuirfeadh tús leis sa bhliain 2017. Cuireadh tús le feachtas faisnéise agus fógraíochta ag deireadh na bliana 2016 chun cuideachtaí a chur ar an eolas faoi Ionstraim Reachtúil ar shínigh an tAire í. Is ionstraim é sin lena dtabharfar ríomhchomhdú éigeantach isteach le haghaidh ceithre fhoirm ón 1 Meitheamh 2017 i leith. Bhí sé mar aidhm leis an bhfeachtas fógraíochta sin a chinntiú go mbeadh dóthain fógra ag geallsealbhóirí an CRO faoi na hathruithe a bhí ar na bacáin. Géarófar ar na hiarrachtaí ina leith sin sa bhliain 2017.

Reáchtáladh an tríú feachtas ar iarraidh ón Roinn Airgeadais. Sheol an CRO ríomhphost chuig gach cuideachta dá raibh seoladh ríomhphoist ar comhad aici chun fógra a thabhairt dóibh faoi theacht i bhfeidhm Ionstraim Reachtúil Uimh. 560 de 2016, rud a bhaineann leis an oibleagáid atá orthu faisnéis úinéireachta tairbhiúla a bhailiú agus an fhaisnéis sin a choinneáil ar chlár.

For-rochtain

Tá for-rochtain ina gné thábhachtach d'obair an CRO agus bhí ról lárnach aici arís eile sa bhliain maidir le cúnaimh a thabhairt do chuideachtaí oiriúnú do na hathruithe a tugadh isteach de bharr thosach feidhme Acht na gCuideachtaí 2014 i mí an Mheithimh 2015. Bhí saincheist an chomhshó ina réimse mórspéise le linn na bliana, go háirithe sna míonna díreach roimh dheireadh na tréimhse comhshó.

Grúpaí geallsealbhóirí de chuid an CRO ba ea CROLink (a bhí comhdhéanta d'ionadaithe do rúnaithe cuideachta agus don lucht dlí) agus Fóram Cuntasóirí an CRO (a bhí comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí Cuntasáíochta). Cumascadh an dá ghrúpa ina bhFóram aonair amháin le linn na bliana 2016. Tionóladh an chéad chruinniú de chuid na bhFóram cumaiscthe an 24 Feabhra 2017 agus tháinig an Fóram le chéile ar dhá ócáid eile le linn na bliana.

Bhí an cinneadh chun an dá ghrúpa a chumasc bunaithe ar an tuairim go raibh na saincheistean a bhí á dtarraingt anuas ag an dá Fhóram an-chosúil le chéile. Measadh freisin gurbh fhearr tuairimí na ngeallsealbhóirí uile a bhailiú ag fóram aonair ina bhféadfaí gach duine a chur ar an eolas faoi thuairimí grúpaí geallsealbhóirí eile.

Is ionann CROTECH agus grúpa geallsealbhóirí teicniúla atá comhdhéanta de chustaiméirí bulcshonraí agus de dhíoltóirí bogearraí an CRO. Tháinig an grúpa le chéile uair amháin sa bhliain 2016.

Sholáthair an CRO láithreoireachtaí os comhair imeachtaí seachtracha agus seimineáir sheachtracha le linn na bliana 2016. D'fhreastail sí ar 15 imeacht éagsúla freisin, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ina measc.

Tá cainéal youtube anois ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag:


<https://www.youtube.com/C/CROIRL>

le físeáin ar na topaicí seo a leanas: Conas ráitis airgeadais a uaslódáil do Thuairisceán Bliantúil B1, Treoracha Foirme B1/Treoracha Foirme C1. Tá sé ar intinn an réimse físeán a leathnú thar am.

Foilsíonn an Oifig um Chlárú Cuideachtaí bullaitín leictreonach rialta ag tabhairt eolais suas chun dáta ar nósanna imeachta, cleachtais agus seirbhísí na hOifige. Níl aon chostas ar an mbullaitín.

Tá treoracha ar shuibscriobh don tseirbhís ar fáil ó www.cro.ie. Úsáideann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) Twitter freisin chun cumarsáid a dhéanamh lenár scairshealbhóirí.

An chlár mar atá faoi láthair



Forbairtí Leictreonacha sa bhliain 2016

R-Comhdú

Doiciméid chomhdaithe go leictreonach i 2016	Iomlán	Céadatan
B1 - Tuairisceán Bliantúil	173,489	88%
B10 - Athrú i bhfaisnéis Stiúrthóra/Rúnaí	57,326	81%
B2 - Athrú in Oifig Chláráithe	14,553	85%

Deimhnithe Digiteacha:

Chuir an CRO tús lena Straitéis um Dheimhniú Digiteach a chur i bhfeidhm an 13 Aibreán 2016 nuair a d'eisigh sí gach Deimhniú Morgáiste mar dhoiciméid atá deimhnithe go digiteach. Rinneadh Ainmneacha Gnó a dheimhniú go digiteach ina dhiaidh sin an 2 Lúnasa 2016. Sa tríú céim den straitéis, chuir an CRO tús le gach Deimhniú Corpraithe um Ainm Cuideachta a eisiúint mar dhoiciméid atá deimhnithe go digiteach an 21 Meán Fómhair 2016.

Tagann na doiciméid sin atá deimhnithe go digiteach isteach in ionad na ndeimhnithe páipéir a cuireadh amach sa phost chuig iarratasóirí roimhe sin. Cabhraíonn siad leis an iarratasóir an deimhniú a fháil láithreach tar éis clárú. Seoltar iad chuig custaiméirí mar dhoiciméad pdf ach úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist a iontráladh sa chuid dar teideal "Seoladh ríomhphoist na Cuideachta" den fhoirm iarratais a cuireadh isteach le haghaidh clárú. Cuimsítear sa doiciméad pdf meirge daite ag barr an scáileáin chun a dheimhniú gur síníodh é go digiteach a bheith deimhnithe ag an CRO. Tugann sé sin dearbhú don fhaighteoir go bhfuil an doiciméad údarach, nár baineadh dó agus gur fóraíodh é go neamhspleách a bheith foinisithe sa CRO. Is féidir le hiarratasóirí na deimhnithe digiteacha sin a chur ar fáil do thríú páirtithe go díreach trí ríomhphost.

Javascript

An feidhmchlár atá ar bun ag an CRO agus lena gcuirtear deimhnithe digiteacha de chuid Sheirbhísí loncaim ar Líne i bhfeidhm mar chruthúnas ar shínithe leictreonacha, cuireadh é ar comhréim le seirbhís Javascript na gCoimisinéirí loncaim i mí Aibreáin 2016. Chuir an méid sin feabhas suntasach ar an tseirbhís atá ar bun idir an dá Oifig Rialtais lena mbaineann.

TF

Tá an CRO ag obair chun an teicneolaíocht atá ar fáil di a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú. Breithníodh roghanna stórála agus bainistíochta dár gcórais ar mhaithe le iad a lonnú sa timpeallacht is fearr is féidir. Leanann an CRO ar aghaidh le sainseirbhísí a ordú chun tacú le bainistiú a dhéanamh ar an raon casta córas TF atá i bhfeidhm aici.

Forbairtí Dílíthiúla

Bille nua na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2016

Foilsíodh an Bille an 5 Lúnasa 2016 agus trasuífear leis an Treoir Chuntasaíochta 2013 ón Aontas Eorpach. Tá dhá alt is nócha agus sé sceideal ann.

Leis an mBille, cuirfear coincheap na Micreachuideachta i bhfeidhm, méadófar an tairseach do chuideachtaí beaga agus meánmhéide agus tabharfar tuairisciú de réir tíre isteach. Ceanglófar leis freisin ar chuideachtaí atá cláraithe mar chuideachtaí neamhtheoranta agus a bhfuil dliteanas teoranta de facto orthu ráitis airgeadais a chomhdú.

Tá roinnt forálacha ann a thagann as Acht na gCuideachtaí freisin. Ceann amháin díobh sin is ea foráil lena soiléirítear go bhféadfar leanúint le liostú a dhéanamh ar na hurrúis sin ar ligeadh isteach chun a dtrádála dleathaí iad roimh theacht i bhfeidhm Acht na gCuideachtaí 2014. Ceann eile de na forálacha sin is ea foráil lena gcuirtear deireadh leis an aimhrialacht a d'fhág go bhféadfadh cuideachta a díolúine ó iniúchadh a chailleadh murar chuir sí ráitis airgeadais ag gabháil lena tuairisceán bliantúil, fiú amháin i gcás nár ceanglaíodh ar an gcuideachta sin ráitis airgeadais a chomhdú in éineacht leis an tuairisceán.

Tá alt ann freisin lena gceadaítear d'Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) téarmaí agus coinníollacha a cheangal le húdarú leachtaitheoirí faoi na forálacha "marthanachta".

Na Rialacháin maidir le hIniúchóireacht Reachtúil

Shínigh an tAire na Rialacháin maidir le hIniúchóireacht Reachtúil i mí an Mheithimh. Tháinig siad i bhfeidhm an 17 Meitheamh, an lá a tháinig éifeacht leis na Rialacháin maidir le hIniúchóireacht ón Aontas Eorpach. Cuireadh na rialacháin nua in áit na rialachán maidir le hIniúchóireacht a bhí ann roimhe sin agus leasaíodh codanna áirithe de Chuid a Sé d'Acht na gCuideachtaí dá mbarr.

Cé gur comhlíonadh leis na rialacháin gach ceann de na hoibleagáidí trasuímh atá orainn, tá roinnt roghanna ann sa Treoir ón Aontas Eorpach nach bhféadfar leas a bhaint astu trí bhíthin Ionstraime Reachtúla. Tá sé beartaithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta roinnt de na roghanna sin a chur chun feidhme trí bhíthin an Bhille um Iniúchóireacht Reachtúil. Cuireadh cinn Bhille faoi bhráid an Rialtais ag deireadh na bliana 2016. Déanfar an Bille a dhréachtú agus a fhoilsiú sa bhliain 2017.

An Chúirt Achomhairc - Cás glacadóireachta

An 18 Feabhra, d'éist an Chúirt Achomhairc achomharc ó Independent Trustee Company Limited (“ITC”) in aghaidh an bhreithiúnais ón mBreitheamh Onórach Hunt an 16 Eanáir 2015. Ba bhreithiúnas é sin lenar díbheadh éilimh na cuideachta in aghaidh an Chláraitheora.

Rinne ITC gníomh roimhe sin chun cosc a chur ar an gCláraitheoir Fógra faoi Cheapadh Glacadóra a chlárú agus stádas ITC a athrú ó “ghnáthchuideachta” go “cuideachta faoi ghlacadóireacht”. Ina theannta sin, d'iarr ITC dearbhú nár cheart feidhm a bheith ag na forálacha d'Achtanna na gCuideachtaí a bhaineann le fógra a thabhairt faoi cheapadh glacadóra maidir leis an gcuideachta féin toisc gur cuideachta iontaobhaithe í agus nach raibh aon leas tairbhiúil aici sa mhaoin ar ceapadh an glacadóir chuici.

Sheas an Chúirt Achomhairc go páirteach le hachomharc ITC sa bhreithiúnas uaithi an 21 Deireadh Fómhair 2016. Chinn an Chúirt gurb amhlaidh go bhfuil an Cláraitheoir i dteideal foirm E8 a chlárú i ndáil leis na glacadóirí a ceapadh. Mar sin féin, chinn sí freisin nach bhfuil cead ag an gCláraitheoir stádas ITC a athrú ó “ghnáthchuideachta” go “cuideachta faoi ghlacadóireacht”. Chinn an Chúirt gur thug sainiú na cuideachta mar “chuideachta faoi ghlacadóireacht” le fios go raibh athrú ann ar stádas corparáideach na cuideachta mar gheall gur ceapadh glacadóir chuig cuid de mhaoin ITC. Sheas an Chúirt leis an údarás atá ag an gCláraitheoir chun achoimre shoiléir a dhéanamh ar fhógraí, lena n-áirítear fógraí faoi cheapadh glacadóra chuig an maoin ar fad nó cuid den mhaoin de chuid cuideachta (lena n-áirítear maoin atá faoi úinéireacht dhlíthiúil na cuideachta agus maoin a shealbhaíonn an chuideachta ar iontaobhas). Sheas an Chúirt freisin leis an údarás atá ag an gCláraitheoir chun duine a threorú san achoimre chuig an bhfoirm fógra ionas gur féidir leis/léi sonraí iomchuí a fháil faoi.

I bhfianaise na breithe ón gCúirt Achomhairc i gcás ITC, tá an Cláraitheoir ag obair anois chun athrú a dhéanamh ar stádas gach cuideachta ar comhdaíodh fógra faoi cheapadh glacadóra ina leith.

CUID 3 - SAOL CUIDEACHTA

Ionchorprú cuideachta

Foirm dhlíthiúil is ea cuideachta d'eagraíocht ghnó. Is eintiteas dlíthiúil ar leithligh é agus mar sin tá sé éagsúil ó na daoine a ritheann é.

Tá dhá shórt chuideachta bhunúsacha ann cuideachta phríobháideach agus cuideachta phoiblí. Tá furmhór na gcuideachtaí cláraithe in Éirinn ina gcuideachtaí príobháideacha agus díobh sin tá an chuid is mó acu beag gan ach ball nó dhó iontu.

Tá cead ag duine nó beirt cuideachta phríobháideach a fhoirmiú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 d'aon chuspóir dleathach trí shubscríobh do bhunreacht. Is féidir le cuideachta phríobháideach uasmhéid 149 baill a bheith aici agus níl aon teorainn leis an líon ball i gcuideachta phoiblí. Ní mór do gach sórt cuideachtaí seachas Cuideachta Phríobháideach faoi Theoraíocht ag Scaireanna (TEO) rúnaí amháin agus íosmhéid beirt stiúrthóir a bheith aici. Níl cáilíochtaí foirmiúla ag teastáil chun bheith ina stiúrthóir cuideachta. Tá freagrachtaí leathana de réir dlí ag oifigigh cuideachta go léir.

	Cuideachta ar an gClár	Cuideachtaí Nua	Ainmneacha Gnó ar an gClár	Ainmneacha Gnó nua	Comhpháirtíochta teoranta
2016	205,019	20,951	524,524	25,103	1,602
2006	167,043	19,190	281,534	26,610	656
1996	150,013	16,112	106,174	6,550	252
1986	86,608	7,652	65,425	5,328	
1978	49,369	5,266	37,952	2,619	
1966	14,214	1,166	19,220	1,173	
1956	7,973	431	13,855	809	
1946	4,295	385	9,181	871	

Corpraíodh 20,951 chuideachta nua sa bhliain 2016. B'ionann an figiúr sin agus méadú 7.4% ar an líon a corpraíodh sa bhliain 2015. Tá an líon cuideachtaí nuachorpraithe ag méadú go seasta le 4 bliana anuas agus tá méadú 50% tagtha ar an líon cuideachtaí corpraithe ón mbliain 2012 i leith. Fágann sé sin go mbíonn 1,746 chuideachta nua á gclárú gach mí ar an meán. Maidir leis sin, is airde an líon clárúcháin cuideachtaí nua anois ná am ar bith ón mbliain 1998 i leith. Beag beann ar na méaduithe sin, leanann an CRO ar aghaidh lena spriocanna seirbhíse custaiméirí a chomhlíonadh laistigh dá hacmhainní reatha.

Ghabh an CRO uirthi féin na spriocanna seirbhíse custaiméirí seo a leanas a chomhlíonadh le haghaidh clárú cuideachtaí nua faoi na scéimeanna iomchuí:-

- An Scéim Fé Phráinn - 10 lá oibre
- An Scéim um Fhoirmeacha A1 ar Líne - 5 lá oibre
- An Ghnáthscéim - 15 lá oibre

I mí Mheán Fómhair 2016, chuir an CRO tús le gach Deimhniú Corpraithe um Ainm Cuideachta a eisiúint mar dhoiciméid atá deimhnithe go digiteach. Áirítear leis an ríomhphost a sheoltar amach leis na Deimhnithe sin nasc chuig an bhfógra maidir leis an gcéad tuairisceán bliantúil a chomhdú, nasc chuig Bileog Faisnéise 16 maidir le Rúnaí na Cuideachta, agus nasc chuig Treoir do Stiúrthóirí - a ndualgais agus a gcumhachtaí.

Is é is aidhm do na doiciméid sin eolas a thabhairt do stiúrthóirí agus do rúnaí na cuideachta nua. Ba in éineacht leis an Deimhniú Clárúcháin a seoladh na doiciméid amach chuig iarratasóirí roimhe sin.

Is é atá sna Deimhnithe Digiteacha an fhaisnéis ar fad a tugadh sna Deimhnithe páipéir roimhe sin. Tá síniú an oifigigh a chláraigh an chuideachta thar ceann an Chláraitheora le feiceáil ar an Deimhniú Digiteach freisin.

Cuideachtaí Seachtracha agus Comhpháirtíochtaí Teoranta

Mhéadaigh an líon cuideachtaí seachtracha atá ar an gClár faoi níos lú ná 2% sa bhliain 2016. I gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2014, bhí méadú os cionn 80% ann ar an líon brainsí nach

bhfuil lonnaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a cláraíodh sa bhliain 2015. Sa bhliain chéanna, baineadh níos mó ná 2,600 Áit Ghnó ón gClár le héifeacht ón 1 Meitheamh ar thosach feidhme Acht na gCuideachtaí 2014.

Doiciméid iarchorpraithe chuideachta a chlárú

Ní mór do chuideachta fógra a thabhairt don CRO ar an bhfoirm reachtúil iomchuí faoi aon athruithe ar oifig chláráithe na cuideachta nó faoi aon athruithe ar oifigigh na cuideachta nó ar shonraí na n-oifigeach sin. Ní mór an fhoirm a bheith comhlánaithe i gceart agus sínithe ag oifigeach reatha de chuid na cuideachta de réir thaifid an CRO agus i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Tuairisceáin Bhliantúla

Tá oibleagáid ar chuideachta – is cuma cé acu atá sí ag trádáil nó nach bhfuil – tuairisceán bliantúil a sheoladh chuig an CRO gach bliain. Áirítear le tuairisceán bliantúil sonraí faoi stiúrthóirí agus faoi rúnaí na cuideachta agus faoina hoifig chláráithe, faoina scairshealbhóirí agus faoina scairchaipiteal. Ní mór an tuairisceán a bheith sínithe ag stiúrthóir agus ag rúnaí na cuideachta. Má tharlaíonn sé go bhfuil an rúnaí ina stiúrthóir freisin, ní ceadmhach dó/di an tuairisceán a shíniú sa dá cháil sin. I bhformhór na gcásanna, is gá ráitis airgeadais na cuideachta a chur ag gabháil le tuairisceán bliantúil na cuideachta.

Is é feidhm na rannóige um thaisceadh poist sa CRO ná gach doiciméad a fhaightear tríd an bpost a fháil agus a scanadh agus iad a chur ar fáil don phobal i gcoitinne a luaithe is féidir. Ardtosaíocht don oifig is ea an tseirbhís custaiméirí, agus déantar an-iarracht chun a chinntiú go ndéileáiltear le ceisteanna thar an teileafón ar bhealach éifeachtúil tráthúil.

Fuair an CRO níos mó ná 197,000 tuairisceán bliantúil sa bhliain 2016. Ba i bhformáid leictreonach a comhdaíodh 88% de na tuairisceáin sin.

Athrú ar Sheoladh Oifige Cláráithe (Foirmeacha B2 agus B81)

Sa bhliain 2016, fuair an CRO 17,137 gcinn d'fhoirmeacha B2 (Athrú ar Sheoladh Oifige Cláráithe) agus 273 cinn d'fhoirmeacha B3 (Láthair Chlár na gComhaltaí/Chlár na Sealbhóirí Bintiúr). Díobh sin, comhdaíodh 14,760 ceann (85%) i bhformáid leictreonach.

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, cuireadh foráil nua i bhfeidhm trínar féidir le duine iarratas a dhéanamh ar an CRO ar a bheith ina G(h)nómhaire Oifige Cláráithe trí fhoirm B81 a chomhdú. Is féidir le cuideachtaí ansin iad féin a nascadh leis an nGníomhaire Oifige Cláráithe trí fhoirm B2 a chomhdú agus tic a chur le bosca ina gcuirtear in iúl gurb ionann a n-oifig chláráithe agus oifig chláráithe an Ghníomhaire Oifige Cláráithe. Más rud é go n-aistríonn an Gníomhaire Oifige Cláráithe a (h)oifig chláráithe agus go gcomhdaíonn sé/sí foirm B2 leis an CRO, athrófar go huathoibríoch oifig chláráithe na gcuideachtaí go léir atá nasctha leis an nGníomhaire Oifige Cláráithe sin. Comhdaíodh 80 foirm B81 sa bhliain 2015 agus comhdaíodh 45 cinn díobh sa bhliain 2016.

Athchlárúithe

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, is féidir le cuideachta athrú ó chineál cuideachta ar bith ina cineál cuideachta eile e.g. ó chuideachta theoranta ina cuideachta neamhtheoranta, ó chuideachta phríobháideach ina cuideachta phoiblí nó ó chuideachta faoi theorainn scaireanna ina cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nó a mhalairt, faoi réir cheanglais Chuid 20 den Acht.

Go dtí deireadh na hidirthréimhse an 30 Samhain 2016, bhí cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna a bhí ann cheana in ann iad féin a chomhshó ina gcuideachta phríobháideach nua faoi theorainn scaireanna (TEO) nó ina gcuideachta ghníomhaíochta ainmnithe (CGA). Ón 1 Nollaig 2016 i leith, is é athchlárú faoi Chuid 20 d'Acht na gCuideachtaí 2014 an t-aon bhealach inar féidir le cuideachta a cineál a athrú.

D'athchláraigh 655 cuideachta san iomlán sa bhliain 2016. B'ionann é sin agus 4 huairé an líon a d'athchláraigh sa bhliain 2015, nuair a d'athchláraigh 147 cuideachta.

D'ainneoin an mhéadaithe ollmhóir ar an líon, bhíothas in ann na hiarratais sin ar athchlárú a phróiseáil laistigh de spriocdhátaí seirbhíse do chustaiméirí gan aon acmhainní breise a fháil.

Gléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní

Tugadh an tAcht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní (2015) isteach an 11 Márta 2015 agus is é Banc Ceannais na hÉireann Cláraitheoir na nGléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní. Ceanglaítear ar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoin reachtaíocht díchlárú a dhéanamh ar chuideachtaí a chláraigh mar ghléasanna Éireannacha um chomhbhainistiú sócmhainní leis an mBanc Ceannais. Faoin gcóras díchláraithe a thug an CRO isteach, baineann cuideachtaí a chláraigh mar ghléasanna Éireannacha um chomhbhainistiú sócmhainní úsáid as an bhfoirm reachtúil a leag an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta síos chun iarratas a dhéanamh ar dhíchlárú ón gClár. Eisítear deimhniú díchláraithe na cuideachta agus taifeadtar díchlárú na cuideachta sa Chlár. Foilsítear fógra in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí faoi bhaint na cuideachta den Chlár. Díchláraíodh sé chuideachta dhéag sa bhliain 2016.

Morgáistí agus Muirir

B'ionann an líon muirear a comhdaíodh sa bhliain 2016 agus 10,690. Tá clárú muirear ag méadú go seasta le blianta beaga anuas. Is ionann an líon a comhdaíodh sa bhliain 2016 agus méadú 54% ar an líon a comhdaíodh sa bhliain 2012.

Ón uair a tugadh ríomhchomhdú éigeantach agus síniú na muirear isteach ar thosach feidhme an leagain nua d'Acht na gCuideachtaí an 1 Meitheamh 2015, is féidir clárú a chur i gcrích laistigh de 2-3 lá. Ba é 2 mhí an tréimhse ama cláraithe faoin seanchóras láimhe. Cuireadh tús le ríomhchomhdú chun a chinntiú gur cruinn atá dáta agus am an chomhdaithe lena gcinntear an tosaíocht dhlíthiúil a bhaineann le muirear faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Lean an CRO lenár straitéis ríomhchomhdúcháin agus ríomhdheimhniúcháin a chur chun feidhme trí dheimhniú digiteach clárú muirear a thabhairt isteach i mí Aibreáin 2016.

Leachtuithe agus ceapadh glacadóirí

Rinneadh clár atá cothrom le dáta um leachtuithe, cheapadh glacadóirí agus scrúdaitheoirí a choinneáil ar bun trí gach doiciméad a fuarthas a chlárú laistigh de thréimhsí a comhaontaíodh sa phlean gnó. Tá an líon leachtuithe ag leanúint ar aghaidh ag laghdú agus b'ionann é agus 1,754 leachtú sa bhliain 2016. Is laghdú de níos mó ná 28% é sin i gcomparáid leis an 2,464 leachtú a bhí ann sa bhliain 2011, a bhí ar an bhfigiúr ab airde le blianta beaga anuas.

Bhí méadú beag ann ar an líon cuideachtaí ar ceapadh glacadóirí chucu. Mhéadaigh sé ó 327 cuideachta sa bhliain 2015 go 340 cuideachta sa bhliain 2016. Coinníodh clár na stiúrthóirí

dícháilithe agus srianta cothrom le dáta freisin agus leanadh le tuairiscí ar chuideachtaí faoi leachtú a eisiúint chuig Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar bhonn rialta.

Forfheidhmiú, Ionchúiseamh agus cuideachtaí a bhaint de chlár na gcuideachtaí

Is féidir cuideachta a díscaoileadh trí leachtú nó trí bhaint den chlár. Leanann an Oifig um Chlárú Cuideachta ag tabhairt faoin leibhéal comhlíonta ag cuideachtaí cláraithe na hÉireann. Ní i gcónaí a bhíonn baint den chlár neamhdheonach. Is féidir le cuideachta a stopann ag trádáil agus nach bhfuil aon chreidiúnaithe amuigh aici a iarraidh ar an gCláraitheoir an cuideachta a bhaint den chlár.

Is féidir cuideachta a athbhunú ar an gclár tar éis bainte den chlár. Sa chás go bhfuil cuideachta bainte den chlár ar feadh tréimhse nach mó ná 12 mí is féidir iarratas ar athbhunú a dhéanamh ag an gcuideachta chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí. Nuair atá an 12 mí thart ní féidir an cuideachta a athbhunú ach trí Athbhunú Ordú Cúirte.

Lean an CRO ar aghaidh sa bhliain 2016 ag forfheidhmiú Acht na gCuideachtaí 2014 in aghaidh cuideachtaí nach raibh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a bhí orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Rinne sí amhlaidh trí bhíthin iad a bhaint den chlár go hainneonach. Chun comhlíonadh a spreagadh, eisimid litreacha meabhrúcháin chuig gach cuideachta i dtaca le dátaí Tuairisceáin Bhliantúil. Eisíodh líon méadaithe litreacha trí ríomhphost sa bhliain 2016, rud a ghin coigiltí suntasacha don Oifig gan cur isteach ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil leis na meabhrúcháin. Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí breis agus 90% de chuideachtaí ag coinneáil chomhdú a dTuairisceán Bliantúil cothrom le dáta.

Ag deireadh na hidirtréimhse faoi Acht na gCuideachtaí 2014 ag deireadh mhí na Samhna, bhí borradh ann faoin líon iarratas ar chomhshó, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar na hacmhainní a bhí ag teastáil chun fáil na dTuairisceán Bliantúil a phróiseáil. Cuireadh stad le hionchúisimh chuideachta don bhliain 2016 agus atosófar iad nuair atá fáil na dTuairisceán Bliantúil cothrom le dáta go hiomlán.

Cuireadh 516 chuideachta san iomlán ar ais ar an gclár. Ba laghdú beag é sin i gcomparáid leis an líon sa bhliain 2015. Leanann an rannóg forfheidhmithe ar aghaidh ag cur saoráid mhear athbhunaithe riaracháin ar fáil do chustaiméirí. Maidir le haon cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna a corpraíodh faoi Achtanna na gCuideachtaí roimhe agus a díscaoileadh roimh dheireadh na hidirtréimhse, agus atá á hathbhunú tar éis an 1 Nollaig 2016, athraítear í ina cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (cuideachta TEO) agus eisítear Deimhniú Corpraithe nua ar a hathbhunú.

Mar an gcéanna, is é an toradh a bheidh ar athbhunú cuideachta ráthaíochta nó athbhunú cuideachta neamhtheoranta ná go n-athrófar ainm na cuideachta le go gcuirfear ar áireamh ann an iarmhír ábhartha a cheanglaítear le Cuid 16, Cuid 18 agus Cuid 19 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Leis na codanna sin, forchuirtear ceanglais maidir le hainmneacha cuideachta ar chineálacha áirithe cuideachta.

Baint Dheonach

Próiseas reachtúil faoi Acht na gCuideachtaí 2014 is ea baint dheonach. Baineadh 5,137 gcuideachta san iomlán go deonach sa bhliain 2016. Is méadú 21% é sin i gcomparáid leis an

mbliain 2015.

Baint Ainneonach

B'ionann an líon cuideachtaí a baineadh den chlár go hainneonach sa bhliain 2016 agus 8,302.

B'ionann é sin agus méadú suntasach ar an líon a baineadh de sa bhliain 2015. Go bunúsach, is é atá i gceist leis sin ná coinbhéirseacht tar éis na bearta forfheidhmithe a chur ar fionraí roimh thosach feidhme an Achta nua i mí an Mheithimh 2015. Bhí sé riachtanach an méid sin a dhéanamh chun nósanna imeachta bainte faoin tseanreachtaíocht agus iad sin faoin reachtaíocht nua a chur ar chomhréim

Eintitis eile arna gclárú ag an CRO

Ainmneacha Gnó

Is é cuspóir an Achta um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963, ná trédhearcacht a chur ar fáil do dhaoine atá ag trádáil faoi ainm nach ionann é agus a n-ainm féin.

B'ionann an líon ainmneacha gnó nua ar chláraigh an CRO iad sa bhliain 2016 agus 24,848.

B'ionann é sin agus laghdú 11% i gcomparáid leis an mbliain 2015, nuair a cláraíodh 27,799 n-ainm gnó nua. Ba go leictreonach a comhdaíodh 88% de na hiarratais ar ainmneacha gnó nua a rinneadh sa bhliain 2016. Ó mhí Lúnasa 2016 i leith, thug an CRO ríomhdheimhnithe isteach le haghaidh gach iarratais Ainm Gnó chláráithe.

Ní bhíonn eintiteas le pearsanacht ar leithligh cruthaithe mar thoradh ar ainm gnó a chlárú. Tá sé éigeantach má ritheann duine aonair nó comhpháirtíocht (is cuma an bhfuil siad déanta suas de aonáin nó comhlachtaí corparáideacha nó aon chomhcheangal den dá cheann) nó aon chomhlacht corparáideach, gnó faoi ainm a gcuid fíorainmneacha féin amháin. Is é an aidhm atá aige ná aitheantas an duine nó na daoine aonair sin na comhpháirtíochtaí nó na comhlachtaí corparáideacha arbh iad na heintitis dleathacha taobh thiar den ainm gnó, a dhéanamh poiblí. Ba chóir fógra a chur faoi athrú in aon de na mionsonraí ainm gnó cláráithe (mar shampla athrú ainm gnó nó seoladh gnó) a chur in iúl don Chláráitheoir laistigh de mhí amháin ó dháta na hathraithe.

Comhpháirtíocht Teoranta

Éascaíonn Acht Comhpháirtíochta Teoranta 1907 comhpháirtíocht a chruthú ina bhfuil dlíteanas teoranta ag cuid de na baill ar fhiacha an ghnóthais. Tá a ndlíteanas teoranta go méid an chaipitil a thugann siad don chomhpháirtíocht. Mar atá le comhpháirtíocht ghinearálta ní eintiteas dlíthiúil ar leithligh comhpháirtíocht teoranta. Cláraíodh 431 Chomhpháirtíocht Theoranta sa bhliain 2016. B'ionann é sin, beagnach, agus 5 oiread an lín a cláraíodh sa bhliain 2015 (87).

An Fheidhm Chorparáideach sa CRO

Caiteachas 2016

Ba é an caiteachas 2016 don Oifig um Chlárú Cuideachtaí ná €6.664m. Is laghdú 8% (€0.58m) é sin ar 2015 ach tá laghdú foriomlán chaiteachas na hOifige um Chlárú Cuideachta ó 2008.

Comparáidí idir caiteachas 2016 agus 2013:

	2013	2014	2015	2016
Pá	4.489m	4.411m	4.695m	4.86m
Neamh-Pá	2.202m	2.340m	2.549m	1.804m
Iomlán	6.989m	6.751m	7.244m	6.664m

Is sábháil 9% an táirgeacht €6.664m do 2016 ar an airgead a cuireadh ar fáil ar dtús don bhliain. Ba é an phríomhchúis a tháinig laghdú ar chaiteachas neamhphá sa bhliain 2016 i gcomparáid leis an mbliain 2015 ná gur lú an caiteachas a tabhaíodh sa bhliain 2016 chun Acht na gCuideachtaí 2014 a chur chun feidhme ná an caiteachas a tabhaíodh ina leith sa bhliain 2015. Níor réadaíodh cineálacha caiteachais phleanáilte eile sa bhliain 2016 mar go raibh moill ann ar aistriú an CRO chuig áitreabh nua agus mar nár cuireadh tionscadail TF i bhfeidhm mar a beartaíodh ar an gcéad dul síos.

Ioncam 2016

Fuair an CRO €20.109 milliún sa bhliain 2016. Is ionann é sin agus méadú 13% ar an bhfigiúr €17.722 milliún a fuarthas sa bhliain 2015. Is féidir an t-ioncam méadaithe a fuair an CRO sa bhliain 2016 a chur síos do na nithe seo a leanas: méadú suntasach ar na pionóis i leith comhdú déanach a íocadh; an líon ab airde riamh de thuaisceáin bhliantúla a comhdaíodh sa bhliain 2016 de bharr méadú ar chlárúithe cuideachta nua; agus doiciméid bhreise a bheith á gcomhdú mar gheall ar cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Ioncam CRO	2015	2016
Pionóis um chomhdú déanach	8.239m	10.088m
Táillí taiscthe	8.256m	8.767m
Táillí um Chlárlann na gCara-Chumann	0.056m	0.043m
Ilghnéitheach (Fiosrúcháin, Díol Ollsonraí, Nótaí Creidmheasa, iarmhéideanna Cuntais Custaiméara, etc.)	1.15m	1.211m
IOMLÁN:	17.722m	20.109m

Ríomh-Lá

Tá an Oifig um Chlárlann Cuideachtaí tiomanta níos mó íocaíochtaí trí mhodhanna leictreonacha seachas na modhanna traidisiúnta airgead tirim agus íocaíochtaí le seiceanna a éascú agus a chur i bhfeidhm. Tá an Oifig um Chlárlann Cuideachtaí ag déanamh athbhreithnithe faoi láthair ar mhodhanna íocaíochta do chustaiméirí a d'íoc trí sheic go traidisiúnta. Ón 1 Meitheamh 2017 i leith, beidh feidhm ag ríomhchomhdú éigeantach an tuairisceáin bhliantúil (Foirm B1) agus na ráiteas airgeadais tionlacain. Ní mór táillí comhdúcháin agus aon phionóis i leith comhdú déanach a íoc le cárta creidmheasa/dochair nó trí chuntas custaiméara. Beidh sé riachtanach freisin foirmeacha B2, B10 agus B73 a ríomhchomhdú ón 1 Meitheamh 2017 i leith.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2016

Tá an CRO lonnaithe i dTeach Parnell, Baile Átha Cliath, agus ar Bhóthar Uí Bhriain, Ceatharlach.

Is é an CRO an úsáideoir beaga fuinnimh i dTeach Parnell (45%) agus comhroinneann sé an foirgneamh, mar aon le ceaintín, 3 sheomra cruinnithe, leithris agus an forhalla, le Cláraitheoir na gCara-Chumann agus leis an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Is é CRO Ceatharlach a bhaineann an úsáid is lú as an bhfuinneamh ar Bhóthar Uí Bhriain (45%) agus tá an foirgneamh, mar aon le ceaintín, leithris agus an forhalla, comhroinnte idir é féin agus an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta.

Tá rátáil fuinnimh D2 ag Teach Parnell faoi láthair, agus tá rátáil D1 ag Bóthar Uí Bhriain

In 2016, d'ídigh an CRO/Clárlann na gCara-Chumann (Baile Átha Cliath agus Ceatharlach) 647.33MWh fuinnimh, lenar cuimsíodh:

- 287.6MWh leictreachais;
- 359.7MWh de bhreoslaí iontaise, agus ba é an gás nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise a úsáideadh.
- Níl aon bhreosla in-athnuaite á úsáid ag an CRO faoi láthair.
- Astuithe CO₂: 244,088kg

Is féidir an t-ídiú fuinnimh sin a mhiondealú de réir na láithreach:

Baile Átha Cliath – 308.26MWh fuinnimh inar cuimsíodh:

- 226.75MWh leictreachais;
- 303.26MWh de bhreoslaí iontaise, agus ba é an gás nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise a úsáideadh.
- Is iad tionóntaí eile an fhoirgnimh, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, a íocann as 1/3 d'ídiú fuinnimh Theach Parnell. Baineann na figiúirí thuas leis an ídiú iomlán i dTeach Parnell.

Ceatharlach – 117.65MWh fuinnimh inar cuimsíodh:

- 61.12MWh leictreachais;
- 56.43MWh de bhreoslaí iontaise, agus ba é an gás nádúrtha an t-aon bhreosla iontaise a úsáideadh.

Gníomhartha ar tugadh fúthu in 2016

- Seoladh ríomhphoist a bhaineann le Caomhnú Fuinnimh chuig an bhfoireann chun a mheabhrú dóibh ar fad monatóirí ríomhaire, printéirí srl a mhúchadh gach tráthnóna (sa dá láthair).
- 'Laethanta gan Ardaitheoirí' gach mí (Teach Parnell).
- Iniúchtaí fuinnimh Lasmuigh d'Uaireanta Oifige (Teach Parnell).
- Rinneadh monatóireacht leanúnach ar uaireanta oibríochta an Aonaid Láimhseála Aeir (Teach Parnell).
- Rinneadh na huaineadóirí teasa a athshocrú go rialta ag teacht leis an aimsir (sa dá láthair).

Ní féidir figiúirí ar leith ar shábháil fuinnimh a thabhairt ar na gníomhartha go léir thuas. Bhí laghdú

5.6% ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí Cheatharlach in úsáid leictreachais i 2016 i gcomparáid le 2015. Bhí laghdú in úsáid breosla iontaise (gás) 7.04% i dTeach Parnell. Bhí laghdú 7% in úsáid fuinnimh go foriomlán i dTeach Parnell agus bhí laghdú 1% san Oifig um Chlárú Cuideachtaí Cheatharlach.

Gníomhartha atá Beartaithe don bhliain 2017

Aistriú go dtí foirgneamh nua (Teach Parnell)

CUID 4 - AG TEACHT IN 2017

Ríomhchomhdú Éigeantach

An 24 Lúnasa 2016, shínigh an tAire Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 458 de 2016) inar tugadh sainordú go ríomhchomhdófaí foirm B1 (Tuairisceán Bliantúil), foirm B2 (Athrú ar oifig chláráithe), foirm B10 (athrú ar fhaisnéis stiúirthóra/rúnaí) agus foirm B73 (athrú ar dháta an tuairisceáin bhliantúil) ón 1 Meitheamh 2017. I mí na Samhna 2016, cuireadh tús le feachtas fógraíochta a bheidh ar siúl ar fud na bliana 2017 chun comhairle a thabhairt do chuideachtaí faoi na hathruithe le teacht.

Ón 1 Meitheamh 2017 i leith, is go leictreonach amháin a bheifear in ann foirm B1 agus ráitis airgeadais a chomhdú agus íoc as tuairisceán bliantúil. Mar sin féin, ní mór an leathanach sínithe a phriontáil, a shíniú agus a chur isteach de lámh chuig an CRO fós (mura sínítear é go digiteach ach ROS a úsáid). Ní ghlacfaidh an CRO le cóipeanna crua de na ráitis airgeadais an 1 Meitheamh 2017 nó ina dhiaidh.

An Ceathrú Treoir maidir le Sciúradh Airgid a Chosc agus Úinéireacht Thairbhiúil

Le hIonstraim Reachtúil Uimh. 560 de 2016, ar shínigh an tAire Airgeadais í agus a dátaíodh an 15 Samhain 2016, ceanglaítear ar chuideachtaí agus ar chumainn tionscail agus choigiltis faisnéis faoina n-úinéirí tairbhiúla a fháil agus a choinneáil.

Le hAirteagal 30 den Treoir sin, foráiltear do chlár um úinéirí tairbhiúla Cuideachtaí agus cineálacha eile eintitis chorparáidigh. Táthar ag súil go n-iarrfar ar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí óstáil a dhéanamh ar an gclár um Úinéirí Tairbhiúla le haghaidh na n-eintiteas lena mbaineann arna gclárú ag an CRO agus ag Cláráitheoir na gCara-Chumann, i.e. cuideachtaí agus cumainn tionscail agus choigiltis. Ceanglaítear leis an Treoir go mbeadh clár lárnach i bhfeidhm ón 26 Meitheamh 2017. Tá obair á déanamh ag an CRO faoi láthair chun an clár a chur ar bun laistigh den tréimhse riachtanach.

Athlonnú Oifig an CRO

Beidh an CRO ag athlonnú a hoifige i mBaile Átha Cliath ó Theach Parnell i gCearnóg Parnell chuig Teach Bloom i bPlás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Tá sé sin le cur ar siúl sa dara ráithe den bhliain 2017.

AGUISÍN 1 MIONSTADREAMH

Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar an gClár

Comhdhéanamh an Chláir ag Deireadh 2016

	2015	%	2016	%
Príobháideach Teoranta	176,754	87.89	183,378	88.30
Poiblí Teoranta	1,564	0.77	1,412	0.68
Neamhtheoranta	4,506	2.24	4,566	2.22
Ráth	15,633	7.77	15,663	7.54
Seachtrach	2,609	1.29	2,658	1.28
EEIG	25	-	25	-
Iomlán	201,091		207,677	

Nóta: níl cuideachtaí atá á leachtú san áireamh sa tábla seo.


Gníomhaíocht ar Chlár na gCuideachtaí in 2016

	2015	2016	% +/-
Líon iomlán na gCuideachtaí Nua Cláraithe as seo bhí	19,404	20,951	+7.97
Príobháideach Teoranta	18,598	20,135	+8.26
Poiblí Teoranta	56	24	-57.14
Neamhtheoranta	197	201	+2.03
Ráth	553	591	+6.87
Athshlánaithe			
Ag cuideachtaí laistigh de bhliain ó bheith bainte den chlár	439	374	
Ag an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda	120	142	
Cuideachtaí a Díscáileadh	9,128	15,221	
Athrú Glan	+10,385	+5,730	

Líon iomlán na gcuideachtaí nua ionchorpraithe in 2016: 20,951

Líon iomlán na gcuideachtaí a díscáileadh le linn 2016: 15,221

